



Ceannaire Rialála - Grád VI

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Cúlra

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBRA). Bhunaigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe ar bhonn reachtúil an 1 Feabhra 2021 de bhun *Acht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil), 2019*. Tá AHBRA lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

Bunaíodh an AHBRA chun maoirseacht a dhéanamh ar rialachas éifeachtach, ar bhainistíocht airgeadais agus ar fheidhmíocht gach Comhlachta Ceadaithe Tithíochta (AHBanna), i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá leagtha amach in Acht 2019.

Beidh sé mar aidhm ag an AHBRA infheistíocht phoiblí agus phríobháideach san earnáil a chosaint agus a áirithiú go ndéantar sócmhainní tithíochta a thógtar trí infheistíochtaí san earnáil a bhainistiú ar bhonn inbhuanaithe. Soláthróidh an Rialálaí nua dearbhuithe d'infheisteoirí, do thionóntaí, don rialtas agus don earnáil í féin go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dhea-rialáilte agus chobhsaí.

Is é ár bhfís earnáil a bheith ann ina léirítear AHBanna dea-chleachtas sna réimsí rialachais, airgeadais, maoine agus bainistíochta tionóntachta agus a sholáthraíonn tithe ardchaighdeáin dá dtionóntaí. Is é ár misean an tithíocht a sholáthraíonn agus a bhainistíonn AHBanna a chosaint, trí rialáil éifeachtach.

Feidhmeanna AHBRA

De réir Alt 9 den Acht 2019, is iad feidhmeanna ginearálta an AHBRA:

- clár Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta a bhunú agus a choimeád,
- daoine a chlárú mar AHBanna,
- dréachtchaighdeáin a ullmhú lena bhfaomhadh ag an Aire faoi alt 37 agus na caighdeáin cheadaithe a fhoilsiú,



- monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo ag AHBanna,
- fiosrúcháin a dhéanamh faoi Chuid 5,
- faoi chuid 6, tionóntaí agus AHBanna a chosaint agus clárú AHBanna a chealú
- rialachas, riarachán agus bainistíocht níos fearr AHBanna a spreagadh agus a éascú, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus bainistíocht airgeadais, amhail fhaisnéis agus comhairle a sholáthar, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- chun feacht agus tuiscint ar an Acht seo a chur chun cinn, cibé faisnéis a chur ar fáil a measann an Rialtóir go bhfuil sé oiriúnach lena tabhairt don phobal i ndáil le feidhmiú an Achta seo, i cibé foirm agus ar cibé modh, is cuí leis an Rialálaí,
- cibé faisnéis a bhailiú maidir le AHBanna a mheasann an Rialálaí a bheith riachtanach agus iomchuí chun críocha feidhmiú fheidhmeanna an Rialálaí, agus
- faisnéis dá leithéid a fhoilsiú (agus faisnéis staitistiúil san áireamh) a bhaineann le AHBanna, de réir mar is iomchuí leis an Rialálaí.

Cuspóirí Straitéiseacha an AHBRA

Foilsíodh ráiteas straitéiseach an AHBRA i mí Dheireadh Fómhair 2021. Leagtar amach sa ráiteas fíis agus misean an AHBRA thar na trí bliana amach romhainn agus sainaitnítear ann ár gcúig phríomhchuspóir straitéiseacha.

1. Creat Clárúcháin AHB a bheidh iontaofa agus éifeachtach
2. Caighdeáin Chomhréireacha agus creataí um chomhlíonadh
3. Rialachán riosca-bhunaithe a bheidh trédhearcach agus comhsheasmhach
4. Cumarsáid chomhsheasmhach éifeachtach lenár bpáirtithe leasmhara
5. Eagraíocht lúfar, sholúbtha agus chuntasach

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar AHBRA, ar a ról, ar a fhreagrachtaí agus ar a chuspóirí, tabhair cuairt ar www.ahbregulator.ie



Ceannaire Rialála (Grád VI)

Tá iarratais á lorg anois ag an AHBRA ó iarrthóirí a bhfuil taithí oiriúnach acu nó a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun an post seo a leanas a líonadh: **Ceannaire Rialála (Grád VI)**

PRÍOMHDHUALGAIS:

Ról ilfheidhmeach atá i ról an Cheannaire Rialála agus beidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis/léi ag aistriú idir feidhmeanna cumasaithe agus rialála. Áireofar na nithe a leanas le dualgais agus freagrachtaí an iarrthóra rathúil:

- Freagrach as feidhmeanna tábhachtacha rialála a dhaingniú agus a sholáthar
- Beartas agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm maidir le gnéithe iolracha na bhfeidhmeanna rialála
- Bainistiú agus úinéireacht ar phríomhghnéithe na bhfeidhmeanna rialála airgeadais
- Doiciméid maidir le beartais agus nósanna imeachta príomha a dhaingniú agus a fhorbairt
- Tuairisciú measúnaithe rialála a chur i gcrích, lena n-áirítear measúnuithe airgeadais, de réir mar is iomchuí
- Príomhshonraí a thuairisciú, a anailísiú agus a sholáthar do AHBRA, lena n-áirítear sonraí airgeadais, de réir mar is iomchuí
- Deimhin a dhéanamh de go mbíonn faisnéis atá comhsheasmhach, cuimsitheach, cruinn agus tráthúil ar fáil gan srian agus gan mhoill do phríomhfeidhmeanna rialála
- Caidrimh na bpríomhpháirtithe leasmhara a bhainistiú
- Creat riaracháin a thógáil, a sholáthar agus a mhaoirsiú, le haghaidh ghnéithe uile na bhfeidhmeanna cumasaithe agus rialála
- Cur le soláthar eagraíochta éifeachtaí agus éifeachtúla
- Maoirseacht a dhéanamh ar phríomhthionscadail
- Clár dearbhaithe cáilíochta a bhaineann le monatóireacht, comhlíontacht agus measúnuithe
- Tuarascálacha agus láithreoirachtaí a fhorbairt lena n-áirítear dul chun ráithiúil



- Obair a dhéanamh le baill shinsearacha den fhoireann agus le páirtithe leasmhara chun míreanna gníomhaíochta a shainaithint, moltaí a fhorbairt agus réitigh a aimsiú
- Riarachán ginearálta agus bainistíocht taifead
- Dualgais ar bith eile de réir mar a ordófar ó am go ham

TAITHÍ:

- Taithí ábhartha a bhaineann le creataí rialála, airgeadas, rialachas, bainistíocht sócmhainní, agus comhlíontacht
- An cumas tionchar a imirt ar fhoirne ilréimsiúla agus ar an lucht bainistíochta sinsearaí sa ghnó
- Scileanna sármhaithe cumarsáide i scríbhinn agus ó bhéal agus taithí ar chumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Taithí, saineolas agus tuiscint ar chur i bhfeidhm creataí riaracháin
- Eolas agus tuiscint ar thimpeallachtaí rialála
- Taithí ar éilimh chontrártha agus ar fhreagairt ar spriocdhátaí teanna nuair a thugtar tascanna dothuartha gan choinne uaireanta
- Taithí mhaith ar rannpháirteachas páirtithe leasmhara a bhainistiú
- Tuiscint láidir shoiléir ar bheartas reatha an rialtais maidir lena rialachán

INNIÚLACHTAÍ

Critéir Inmhianaithe

Bheadh céim (Leibhéal 8 den CNC (an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí)) nó taithí choibhéseach i réimse ábhartha amhail rialáil, comhlíontacht, rialachas, bainistíocht riosca, an earnáil charthanachta nó disciplíní dearbhaithe ina buntáiste.

Bheadh cáilíocht ghairmiúil nó cuid de cháilíocht sa chuntasaíocht ina buntáiste .

Inniúlachtaí

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí caidrimh le comhghleacaithe agus le príomhpháirtithe leasmhara
- Cuireann sé/sí diongbháilteacht in iúl, agus gnóthaíonn sé/sí tacaíocht trí fhaisnéis ábhartha a achoimriú agus na tairbhí a chur i láthair



- Cuireann sé/sí eolas i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach trí labhairt agus trí scríobh

Torthaí a Bhainistiú & a Sholáthar

- Déanann sé/sí bainistíocht rathúil ar réimse tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla ag an am céanna
- Déanann sé/sí a chuid/cuid oibre féin agus obair daoine eile a struchtúrú go héifeachtach.
- Sainaitníonn sé/sí réimsí atá le feabhsú go réamhghníomhach agus forbraíonn sé/sí réitigh phraiticiúla lena gcur i bhfeidhm.

Breithiúnas, Anailísiú & Cinnteoireacht

- Déanann sé/sí faisnéis ó fhoinsí ábhartha a bhailiú agus anailísiú, cibé acu faisnéis airgeadais, faisnéis uimhriúil, nó eile, agus réimse tosca criticiúla á mheas
- Cuireann sé/sí ceisteanna níos leithne, cláir, íogaireachtaí, agus impleachtaí gaolmhara ar bith san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici
- Cuireann sé/sí réitigh ar aghaidh chun tabhairt faoi fhadhbanna.

Eolas Speisialtóra

- Ardleibhéal inniúlachta agus taithí maidir le Rialachas, Comhlíontacht, Dearbhú agus Creataí Rialála
- Taithí ar obair a dhéanamh san Earnáil Rialála nó Chomhlíontachta.

FAISNÉIS & NÓS IMEACHTA AN IARRATAIS

Dáta deiridh chun Iarratais a Fháil: Dé Luain, an 28 Samhain 2022 ar 12.00 meánlae

Scála Tuarastail: Ceannaire Rialála - Grád 6 (Scála Pá na nÚdarás Áitiúil)

€51,526 - €52,756 - €54,253 - €57,072 - €58,754

LSI 1 - €60,846



LSI 2 - €62,950

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís tú, go díreach roimh an gceapachán.

Nós Imeachta an Iarratais:

- Tá próiseas an iarratais á bhainistiú ag an LEX Consultancy ar son AHBRA.
- Ní mór d'iarrthóirí na nithe a leanas a chur ar fáil:
 - a. litir chumhdaigh lena sonraítear a n-oiriúnacht don phost
 - b. foirm iarratais AHBRA chomhlánaithe
- Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú
- Ba cheart iarratais a thástáil agus a chur isteach i bhformáid PDF ar an nasc seo a leanas ina bhfuil na sonraí ar fad a bhaineann leis an iarratas.
www.lexconsultancy.ie/clients/AHBRA
- Ba cheart ceisteanna ar bith nach féidir a fhreagairt ar an nasc thuas a sheoladh chuige ahbra@lexconsultancy.ie
- Déanfar iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil
- Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána le haghaidh gearrliostaithe
- Ní ghlacfar le hiarratais i gcúinsí ar bith tar éis an dáta dheiridh
- Dícháileofar iarrthóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son

Dá ndéanfadh an duine a mholtar do cheapachán an post a dhiúltú nó dá n-éireodh se/sí as an bpost tar éis dó/di é a ghlacadh nó dá dtiocfadh aon fholúntas breise chun cinn, d'fhéadfadh AHBRA, faoina rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.